



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 6 EAGRÁN 3 BEALTAINE—MEITHEAMH 2019

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
An Samárach	
Polannach Fóna	2
Scéal grinn	3
Spaisteoireacht i gCeanannas	4
Luimnigh	5
Bean Éireannach nár bhuaigh Duais Nobel	6
An trucailín donn	7
Mo chéad Coup-d'État	8
Ag bualadh le foireann cáiliúil	9
Dul chun cinn.....meas tú?	9
Léirmheas ar <i>The Poets' Wives</i>	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Foclóir	11
Draíocht na Samhlaíochta (dán)	12
Ag caint..... (dán)	12
Londain sa Teas Mór (dán)	12

LEAN LEIS AN nGAEILGEOIREACHT!

Anois teacht an tSamhraidh, má tá sé ag teacht ar chor ar bith, bíonn nós ag cuid de na maidineacha caife stad do na laethanta saoire. Tuigim go n-imíonn Gaeilgeoirí ar a saoire cosúil le daoine eile ach ní chreidim go dtéann gach duine ag an am céanna. Mar sin níl aon ghá na MC a chur ar ceal. Cinnte, beidh titim i dtinreamh le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa ach, mar a deirtear, is leor beirt chun comhrá a dhéanamh. Caithfidimid smaoineamh ar an gcúis go bhfuil na MC ar siúl, sé sin, chun a thaispeáint do dhaoine eile go bhfuil Gaeilgeoirí fós sa tír agus go bhfuil an teanga beo agus bríomhar. Cloiseann daoine an comhrá ina dtimpeall agus is minic a thagann duine chugat ag rá go bhfuil áthas air/uirthi a theanga dhúchas a chloisteáil. B'fhéidir go spreagfaidh sin duine chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar a chuid Gaeilge féin. Má mhealltar fiú duine amháin is bua do na MC é.

Bíonn cuid de na MC in ionaid phobail a dhúntar do laethanta saoire. Arís ní ghá do na Gaeilgeoirí gan bualadh le chéile go dtí an Fómhar. Is féidir leo dul go bialann éigin i rith na saoire. Sin atá chun déanamh againn i MC Ionad Pharóiste Naomh Bríde i gCill Easra. Níl sé deacair. Tá raidhse bialanna i mbeagnach gach áit na laethanta seo. B'fhéidir ba cheart dúinn rudaí sa bhreis a dhéanamh san aimsir sholasmhar. Tá pas saorthaistil ag an chuid is mó de na daoine a mbíonn ag freastal ar na MC. Cad faoi turas a eagrú chuig Gaillimh, Corcaigh, nó áit éigin eile - Gaeilgeoirí ar chamchuairt lae! B'fhéidir go dtiocfaidh sibh ar Ghaeilgeoirí ansin. Bainigí taitneamh as bhur laethanta saoire!



CEACHT BEAG GAEILGE: COMHFHOCAIL



Déantar comhfhocal trí dhá fhocal (ainmfhocail, aidiachtaí agus rémhíreanna) nó níos mó a chur le chéile - de ghnáth chun focal nua a chumadh.

- (1) Nuair a nasctar dhá fhocal le chéile séimhítear tús an dara focal: ard (**high**) + clár (**plain**): ardc**hlár** (**plateau**); comh (**joint**) + focal (**word**): comhf**h**ocal (**compound word**); dá (**two**) + teangach (**lingual**): dát**h**teangach (**bilingual**); oighear (**ice**) + sruth (**flow**): oighears**h**ruth (**glacier**);
- (2) Ní séimhítear an dara focal má thosaíonn sé le ‘l/n/r’: téacs (**text**) + leabhar (**book**): téacs**l**leabhar (**textbook**); gar (**near**) + neacht (**niece**): garneacht (**grandniece**); gluais (**move**) + rothar (**bicycle**): gluais**r**rothar (**motorbike**);
- (3) Má chríochnaíonn an chéad fhocal le ‘d/n/t/l/s’ agus má thosaíonn an dara fhocal le ‘d/n/t/l/s’ ní séimhítear an dara fhocal: bán (**white**) + dearg (**red**): bán**d**earg (**pink**); suan (**sleep**) + lios (**enclosed space**): suan**n**lios (**dormitory**); suan (**sleep**) + siúlaí (**walker**): suan**s**iúlaí (**sleepwalker**); féin (**self**) + trua (**pity**): féin**t**rua (**self-pity**); feoil (**meat**) + séantóir (**denier**): feoil**s**éantóir (**vegetarian**); sean (**old**) + duine (**person**): sean**d**uine (**old person**);
- (4) Cuirtear fleiscín idir na focail má tá an litir céanna ag deireadh an chéad fhocail agus ag tosach an dara focal: lámh (**hand**) + maisiú (**decoration**): lámh-m**h**aisiú (**manicure**); leath (**half**) + tosaí (**forward**): leath-**t**hosaí (**half-forward**); luasc (**swing**) + ceol (**music**): luasc-**c**heol (**swing music**);
- (5) Má chríochnaíonn an chéad fhocal le guta agus má thosaíonn an dara fhocal le guta cuirtear fleiscín idir na focail: cru**a** (**hard**) + earraí (**goods**): cru**a**-earraí (**hardware**); idé (**idea**) + eolaíocht (**science**): idé-**e**olaíocht (**ideology**);
- (6) Má tá inscne difriúil ag an dá ainmfhocal is ón dara ainmfhocal a thagann inscne agus infhillleadh an chomhfhocail: taobh (**fir**, **side**) + line (**bain**, **line**): taobh**l**íne (**bain**, **sideline**); tír (**bain**, **country**) + grá (**fir**, **love**): tír**g**hrá (**fir**, **patriotism**);
- (7) Baintear feidhm as fleiscín má tá trí mhír i gcomhfhocal: sin-seanmháthair (**great grandmother**); iar-leasuachtarán (**former vice-president**);

AN SAMÁRACH POLANNACH FÓNTA

Pádraig Mac Éil

Bhí taispeántas le déanaí in Acadamh Ríoga na hÉireann faoin bPolannach, Pawel Strzelecki agus an dea-obair a rinne sé in Éirinn aimsir an Ghorta Mhóir. Níor chuala mé dada faoin bhfear go nuige sin. Rugadh é i 1797 cóngarach go Poznań. D’fhág sé a thír tar éis caidrimh le hiníon chomharsan. Lean sé ag scríobh chuig an gcaílín ar feadh daichead bliain. Fuair sé dídean i Sasana. Thaistéal sé go forleathan sa Bhreatain Mhór. In 1834 chuaigh sé ar chamchuart deich mbliana timpeall an domhain. Bhí sé i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, Na hIndiacha Thiar, Meicsiceo, Meiriceá Theas, An Pholainéis, an Nua-Shéalainn agus an Astráil. Bhí nádúr eolaíochta aige agus rinne sé staidéar ar an ngeolaíocht, ar an miotalóireacht agus ar an agranamaíocht. Thug sé ainm laoi Pholannaigh ar an Sliabh is airde ar mhórthír na hAstráile, Sliabh Kościuszko. Labhair sé amach ar son bhundúchasaigh na tíre. Labhair sé i gcoinne na sclábhaíochta freisin. Tháinig sé go hÉirinn in Eanáir 1847 mar oibrí deonach do Chumann Fóirithinte na Breataine. Bhí sé freagrach as Maigh Eo, Sligeach agus Dún na nGall. Bhunaigh sé tithe anraith. Shocraigh sé bia a dháileadh do na páistí trí na scoileanna agus faoi 1848 bhí 200,000 ag fáil bia sa tslí sin. Cheap sé go gcabhródh an eisimirce agus thug sé tacaíocht don bhfeachtas cabhair a thabhairt do dhaoine dul go dtí an Astráil. Rinneadh ridire de Strzelecki in 1848. Bhí meas mór aige ar an mBreatain, an tír a thug dídean dó. Fuair sé bás in 1873 in aois 76 i Londain agus adhlacadh é ann. I 1997 tógadh a chorp ar ais go Poznań. Tá plaic chomórtha dó i bPlás Sackville ó 2015.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil


Bhí Seán agus Pól amuigh faoin tuath ag siúl ar bhóithrín taobh le fál sceach nuair a tháinig siad ar pholl mór. ‘Muise tá an poll seo an-domhain!’, arsa Seán de bheoghuth. ‘Tá an ceart agat’, arsa Pól, ‘Ligfidh mé cloch síos ann chun a doimhneacht a thomhas. Beimid in ann é a chinneadh ón bhfad ama chun an chloch a chloisteáil ag bualadh a bhuin’.



Rinne sé beart de réir a bhriathair. D’fhan an bheirt tamall ach níor chuala siad aon fhuaim ón bpoll. ‘Bainfidh mé triail as cloch níos mó’, arsa Seán. Rug sé greim ar cheann agus chaith sé í isteach sa pholl. D’fhan siad tamall maith fada ach, arís, níor tharla dada. Bhí siad trína chéile. Chas an bheirt acu ón pholl, chuardaigh siad an talamh mórthimpeall agus tháinig siad ar charraig mhór. Bhí gá leis an mbeirt acu chun í a ardú ón talamh agus a iompar don pholl. Bhí siad ag bárcadh allais faoin am a shroich siad é. Chuir siad turraing sa charraig agus thit sí sa pholl.



Shleamhnaigh na soicindí thart, ceann i ndiaidh cinn, nóiméad amháin agus ar aghaidh ach ní raibh torann le cloisteáil. ‘Is crá croí ceart é seo’, arsa Seán agus é traochta, ‘scaoilfidimid ár mbeannacht leis’. Bhí Pól níos ceandána. Tháinig cuma diongbháilte ina aghaidh. ‘Déanfaimid iarracht amháin eile’, ar seisean de ghnúsacht. Chuardaigh siad máguaird agus tháinig siad ar thrasnán stroighne i measc na fiaile. Theip orthu é a ardú ach tharraing Peadar é le téad a bhí air agus bhrúigh Pól ón gcúl é agus shroich siad an poll go mall. Bhrúigh siad é thar an imeall agus thit sé isteach. Níor tháinig gíog nó míog as an bpoll. Go tobann chuala siad siosarnach ón bhfiántas ar a gcúl. Ansin réab gabhar amach as an bhfál, ina dtreo, idir eatarthu agus isteach sa pholl. D’fhéach siad ar a chéile siochta le barr alltachta. Shuigh siad síos gan focal uathu. Bhí mearbhall iomlán orthu. Tar éis scaithimh tháinig feirmeoir i láthair agus shiúl sé chuig an mbeirt. ‘An bhfaca sibh mo ghabhar timpeall na háite seo?’ a d’fhiafraigh sé.



‘Cinnte, chonaiceamar é. Rith sé tríd an bhfál sceach go gealtach agus ar mire agus léim sé isteach sa pholl seo’, a d’fhreagair Pól. ‘Níl seans dá laghad gurb é sin mo ghabhar. Bhí sé ar teaghrán le trasnán stroighin agam ionas nach mbeadh sé in ann dul ar seachrán’, arsa an feirmeoir!



Foclóirín

faoin tuath - **out in the country**; bóithrín - **boreen**; taobh le - **beside**; fál sceach - **hedgerow**; tháinig ar - **came upon**; poll - **hole**; muise - **indeed**; dúirt de bheoghuth - **exclaimed**; an-domhain - **very deep**; tá an ceart agat - **you are correct**; ligfidh...síos - **will drop**; cloch - **stone**; doimhneacht - **depth**; a thomhas - **to gauge**; cinneadh - **determine**; fad ama - **length of time**; a chloisteáil - **to hear**; ag bualadh - **hitting**; bun - **bottom**; rinne sé beart de réir a bhriathair - **he fitted his actions to his words**; d’fhan - **stayed**; tamall - **a while**; chuala - **heard**; fuaim - **sound**; bainfidh. triail as - **will try**; rug...greim - **grabbed**; ceann - **one**; chaith - **threw**; níor tharla dada - **nothing happened**; níos mó - **bigger**; trí chéile - **puzzled**; chas - **turned**; chuardaigh - **searched**; mórthimpeall - **surrounding**; gá - **necessity**; ardú - **raise**; ag bárcadh allais - **perspiring heavily**; chuir...turraing ar - **pushed**; shleamhnaigh thart - **slipped by**; torann - **sound**; crá croí ceart é - **very frustrating**; traochta - **exhausted**; scaoilimid ár mbeannacht leis - **we will give it up as a bad job**; ceandána - **stubborn**; cuma diongbháilte - **determined look**; iarracht - **attempt**; de ghnúsacht - **grunting**; máguaird - **around**; trasnán - **sleeper**; stroighin - **cement**; i measc - **among**; fiaile - **weeds**; theip orthu - **they failed**; tharraing - **pulled**; téad - **rope**; bhrú - **pushed**; cúl - **end**; go mall - **slowly**; imeall - **edge**; gíog nó míog - **peep**; go tobann - **suddenly**; siosarnach - **rustling**; fiántas - **wilderness**; réab - **burst**; gabhar - **goat**; treo - **direction**; idir eatarthu - **in between them**; siochta le barr alltachta - **lost in amazement**; mearbhall iomlán orthu - **mystified**; scaitheamh - **a time**; tháinig i láthair - **appeared**; cinnte - **certainly**; go gealtach - **crazily**; ar mire - **berzerk**; léim - **jumped**; dá laghad - **slightest**; ar teaghrán - **tethered**; ionas - **in order that**; ar seachrán - **astray**;

SPAISTEOIREACHT i gCEANANNAS

Pádraig Mac Éil

Maidin dhorcha fhliuch i dtús Mheithimh tháinig mo phas saorthaistil tríd an Phost. Bhí lúcháir an domhain orm agus an lá ina dhiaidh sin thug mé cuairt ar Stáisiún Uí Chonghaile agus ar Bhusáras chun carn amchlár na dtraenacha agus na mbusanna a bhailiú. Tosú maith a bhí ann. Coicís ina dhiaidh sin shocraigh mé aistear a thabhairt chuig Loch Garman. D'éirigh mé beagán déanach agus nuair a shroich mé Busáras bhí mo bhus (10.30am) díreach imithe. D'fhéach mé timpeall ar na fógraí. Bhí bus eile ag 11.30am ach ní raibh fonn orm feitheamh an méid ama sin. Chonaic mé fógra faoi bhus go Ceanannas ag 10.45am agus ar aghaidh liom ar an mbus sin. Bus dhá urlár a bhí ann agus chuaigh mé suas staighre chun sult a bhaint as an tírdhreach agus muid ar ár slí.



Nuair a shroich mé Ceanannas bhí sé scamallach agus gaofar ach tirim. Chuaigh mé ag fámaireacht timpeall an bhaile. Tháinig mé go siopa carthanais a bhí ar oscailt agus, mar is gnáth liom, ní raibh mé in ann dul thart gan dul isteach agus sraicfhéachaint ar na leabhair a bhí ar dhíol ann. Cheannaigh mé baiclé dóibh do mo gharnia. Ar aghaidh liom, agus mo mhála níos troime, go dtí Cloigtheach an bhaile. Deirtear go bhfuil tagairt dó i lámhscríbhinn ó 1006 AD. Tá sé fós i gcruth maith. Bhí Ardchroiseanna cóngarach don Chloigtheach. Bhí siad sionchaite agus ba dheacair an chuid is mó de na pictiúir a bhí greanta orthu a thuiscint ach ba léir dom gur baisteadh Chríost a bhí i gceann acu. Bhí eolas ag teastáil uaim agus chuaigh mé i dtreo an Ionaid Turasóireachta.



Féile Mháirseáil na Tána Tá Ardchros cóngarach don halla ina bhfuil an t-ionad turasóireachta. Idir sin agus an halla bhí scata daoine ina suí timpeall boird ar a raibh plátaí lán de cheapairí, de rollóga ispíní, de chistí agus de shútha talún le píosaí seacláide. Bhí cuid de na daoine gléasta i gclócaí daite agus éadaí a chaitheadh anallód. Is duine fiosrach mé agus chuir mé ceist orthu faoi cad a bhí ar siúl. Thug siad cuireadh dom suí síos agus cupán tae a ól (le ceapairí, ciste agus sútha talún freisin!) leo. Bhí comhrá agam le duine acu, Tim Mullins, agus mhínigh sé dom gur ba bhaill iad d'Fhéile Mháirseáil na Tána 2019. Thosaigh an Fhéile sin i 2011. Leanann siúlóirí slí na Tána agus bualann le daoine (cumainn staire áitiúla, daltaí scoile) i mbailte éagsúla agus roghnaítear Banríon an Bhaile i ngach ceann acu. I mbliana thosaigh sé 14 Bealtaine in Ionad Cuairteoirí Ráth Cruachan, Co. Ros Comáin agus chríochnaigh sé 2 Meitheamh i The Bush (An Sceach), Cuaille, Co Lú. Tógann sé trí dheireadh seachtaine agus dhá lá siúlóide déag chun an tslí iomlán a shiúil. Bhí siad ar a slí (lá a hocht) ó Chrosa Caoil, go Tailtin, Co. na Mhí. Níor chuala mé faoi Shlí na Tána roimhe ach dúirt siad liom go raibh clár ar TG4 fúthu. Tugadh dom Treoir Oidhreachta Uimhir 75 ó *Archaeology Ireland* a thugann eolas faoin tSlí agus tá suíomh idirlíon acu tainmarch.ie. Faraor tá gach rud i mBéarla amháin. Ach tá bá ag Tim leis an nGaeilge agus labhair sé dom sa teanga sin agus d'úsáid sé í in óráid a thug sé ar an lá. An bhfuil léitheoir ann a bheadh sásta, mar thionscnamh don teanga, aistriúchán/ábhar i nGaeilge a ullmhú don suíomh?

Bhí mé chomh sásta leis an ngrúpa sin gur shocraigh mé dul go Dún Dealgan ar an Satharn, 1 Meitheamh, agus bualadh leo nuair a shroich siad an baile. Bhí insint drámatal den Táin dúinn sa chearnóg ó aisteoirí óga áitiúla, le bréagthroid idir Cúchulainn agus Ferdia. Thaitin an dá lá le muintir na Tána go mór liom. B'fhéidir go siúlfaidh Gaeilgeoirí leo ar an tSlí amach anseo agus iad ag labhairt teanga Mhéab, Chúchulainn agus Fherdia.

Tim Mullins





LUIMNIGH

Ceallach Ó Laoghóg

Tá a fhios ag an saol cén saghas rann is ‘**luimneach**’ ann ach cár bh as a ainm? Tá teoiricí éagsúla faoin gceist chasta sin. Ar an gcéad dul síos is rann raiméise atá ann ina bhfuil cúig líne, an chéad, an dara is an líne deireanach ag críochnú leis an rím (fuaim) céanna; agus an dá líne eile (an tríú agus an cheathrú) ag críochnú ar fhuaim eile (leathrann), i.e. aiste ríme AABBA. De ghnáth bíonn 9 siolla i línte 1,2 agus 5 agus 6 shiolla i línte 3 agus 4.

Cé go ndeirtear go dtéann an luimneach fada siar sa stair níor úsáideadh ‘luimneach’ mar ainm na foirme go dtí na 1890idí. Tharraing Edward Lear aird ar an bhfoirm le ‘**Book of Nonsense**’ i 1840. Thug sé ‘rann raiméise’ ar a rann féin. Cé nár tháinig an fhoirm as Luimneach b’fhéidir gur tháinig an t-ainm. Luann údair éagsúla cluiche tí inar chan gach duine rann raiméise agus ansin “*Won’t you come up to Limerick*” ag a deireadh. B’fhéidir go raibh port leis an teideal sin. B’fhéidir go raibh baint éigin ag An Bhriogáid Éireannach sa Fhrainc (a bunaíodh tar éis Chonradh Luimnigh) leis an ainm. De réir údair amháin úsáideadh an nath cainte sin i Stáit Aontaithe Mheiriceá leis an bhrí ‘*cruinnigh do chaint gan mhoill*’.

Ceapann daoine in Éirinn go bhfuil baint ag Filí na Máighe 1730-1790 AD leis an ainm. I ndiaidh an chéid roimhe sin (céad uafásach ó thaobh cogaidh de, Imeacht na nIarlaí, scrios Cromwell agus Cath na Bóinne), bhí síocháin neamhshocair sa tír seo is athbheochan bheag litríochta sa Ghaeilge. I dtír cheantar, Oiriaila i gCo Lú is i gCo Ard Mhacha, agus ar bhruach na Máighe i gCo Luimnigh, tháinig scoileanna beaga filíochta i réim

Sa cheantar idir cathair Luimnigh is teorann Chontae Chorcaí thosaigh cruinnithe filíochta ag teacht le chéile i mbaile Cromtha. Ba é Seán Ó Tuama is Aindrias Mac Rath na filí ba thábhachtaí ann. Ba i dtábhairne Uí Thuama féin a tháinig siad le chéile ó am go ham, áit a raibh a lán aithris dánta is comórtas filíochta. Ba dlúthchairde Seán Ó Tuama agus Aindrias Mac Craith. ‘An Ghrinn’ an leasainm a bhí ag Aindrias ar Sheán agus ‘An Mangaire Sógach’ a bhí ag Seán ar Aindrias. De réir seanchais, áfach, deirtear gur thit siad amach nuair a chum Seán dán gear (an chéad Luimneach, b’fhéidir?) a cheap Aindrias a bhí dírithe air. De ghnáth bhíodh ceithre líne i véarsaí a dhánta ach d’aistrigh James Clarence Mangan cuid acu agus cúig líne aige. Is é mo thuairim gur tháinig an “luimneach” ó na haistriúcháin sin agus a thagairt do chontae Luimneach mar fhoinsé dó.

I dtús bhí na luimnigh greannmhar is seafóideach ach diaidh ar ndiaidh d’éirigh siad gáirsiúil is garbh, an bhéim ar bhaill ghnéis is comhriachtain de ghnáth! Is mór an trua é nach bhfuil níos lú salachar iontu. B’fhéidir go bhfuil deis ag Gaeilgeoirí anois athsheilbh a fháil arís ar ár n-oidhreacht agus luimnigh nua a chumadh i nGaeilge a mbainfidh gach duine taitneamh astu.

Le linn Samhraidh te i Rath Éanna
Shiúl na bocsa thart timpeall gan léine,
Ag déanamh spraoi is iad leath-nocht
Orthu siúd a cuireadh an locht
Nuair a thosaigh na mná ar an rud céanna.

Bhí fear óg ina chónaí i gCluain Tarbh
A raibh an-dúil aige i mbia searbh.
Inné d’ith sé céad teile
I ndiaidh sin – céad líomóid eile
Lá inniu níl sé beo – tá sé marbh!

Fear cúthail a mhair ins An Chúlóg
Ní raibh ag iarraidh den a chailín ach póg
Arsa sise “*Tá sé róluath*
Ag déanamh triail ar bhéas eile
Iidir an dá linn, bíodh tú sásta le barróg”.

DÚSHLÁN AN tSAMHRAIDH

A chairde na MC, seo dúshlán daoibh do na laethanta meirbhe brothallacha atá romhainn (bíonn súil le muir!). Ba mhaith liom luimneach a fháil ó gach MC. Ní bheidh aon fhadhb ag na filí in bhur measc ach b’fhéidir go mbainfidh MC sult as comhoibriú a dhéanamh ar an tionscnamh. Ní ghlacfar le liricí gáirsiúla! Seo mo cheann daoibh:

Bhí snámhaí ann tráth ó Dhomhnach Míde
A chuaigh ag snámh ar lán taoide
Chas sé ar mhíol mór bán
A shlog é le h’alp amháin
Is níor fágadh de oiread na fríde
Pádraig Mac Éil

BEAN ÉIREANNACH NÁR BHUAIGH DUAIS NOBEL Seán Ó Fearghail




Jocelyn Bell 1967

Rugadh Jocelyn Bell i Lurgain, Co. Ard Mhacha i 1943. Ailtire ab ea a athair a chabhraigh i ndearadh Phláinéadlann Ard Mhacha. Chuir sí suim sa réalteolaíocht ar a cúirteanna ar an áit. D'fhreastail sí ar Scoil Ghramadaí, Coláiste Lurgain 1948-1956. Ní raibh cead ag cailíní na scoile staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an am go dtí go ndearna na tuismitheoirí gearán.

I 1967 nuair a bhí sí i mbun taighde le haghaidh PhD i Réalteolaíocht Raidió in Ollscoil Cambridge tháinig sí ar fhoinse ardfhuinnimh a raibh bíog á cur amach aige gach 1.33 soicind. Bhí an mhnicíocht sin chomh rialta le haon chomhartha a d'fhéadfaí a tháirgeadh ag an gclog is cruinne ar domhan. Chaith Jocelyn an-chuid ama agus oibre ag cinntiú nach raibh an bhíog sin ag

teacht ón trealamh ná ón nglacadóir a bhí in úsáid aici ná ó aon trealamh raidió eile ar domhan. Ba léir gurbh foinse eachtardhomhanda a bhí i gceist. Go leathmhagúil, chuaigh an scéal timpeall go raibh sibhialtacht ó réalta eile ag iarraidh teagmháil a dhéanamh linn agus tugadh LGM-1 (**Little Green Men 1**) ar an bhfoinse nua. Ansin d'aimsigh sí comharthaí bíogacha raidió eile agus ba léir go raibh na comharthaí go léir ag teacht ó

fhoinsí nádúrtha agus gur neodrónréaltaí rothlacha a bhí iontu. Cuireadh ainm nua orthu ansin - Cuasáir bhíogacha - nó Pulsáir.



Pulsár an Phortáin

Bhí sé an-deacair di cur ina luí ar a maoirseoir acadúil Anthony Hewish go raibh réad réalteolaíoch úr aimsithe aici, ach faoi dheireadh d'fhoilsigh siad páipéar ina raibh cur síos acu ar an bhfionnachtain. Dúradh go raibh “*ceann de na héachtaí eolaíochta is suntasaí den 20ú haois*” déanta aici agus bronnadh an Duais Nobel ar an bhfionnachtain i 1974 - ach tugadh an duais do Hewish agus ní do Bell. Cheap a lán daoine ag an am gur caitheadh go

héagothrom le Jocelyn Bell leis an cinneadh sin. Spreag sé neart conspóide agus tráchtairachta. Ní ba dhéanaí scríobh Jocelyn féin nár theastaigh uaithi bheith i mbun díospóidí, ná drochmheas a chaitheamh ar an Duais Nobel, mar a dúirt sí - “*níl mé buartha faoi - tar éis an tsaoil táim i gcuideachta mhaithe, nach bhfuil!*”

Ó shin i leith lean sí ag obair i réimse na Réaltfhisice, bhain poist sinsearacha in Ollscoileanna agus in Institiúidí Taighde éagsúla amach agus bronnadh an-chuid gradam uirthi. In 2018, mar aitheantas ar a cuid oibre san fhisic agus sa réalteolaíocht bronnadh an Duais Speisialta do Fhionnachtana i bhFisic Bhunúsach uirthi, arbh fhiú 3 Mhilliún dollar í. B'shin an cheathrú uair a bronnadh an duais sin. Thug sí an t-airgead go léir do chiste “*chun mná agus chun mic léinn a bhaineann le grúpaí mionlaigh eitneacha agus dídeanaithe nach bhfuil ionadaíocht iomlán acu a mhaoiniú le bheith ina bhfisiceoirí*”. Déanfaidh an Institiúid Fhisice an chiste sin a riar.

Phós sí Martin Burnell i 1968, agus cé go bhfuair siad colscaradh i 1993 choimeád sí an t-ainm.

Ba chóir a choinneáil i gcuimhne nár bronnadh Duais Nobel don Fhisic ach ar thriúr ban riamh – ar Marie Curie-Sklódowska i 1903 (a bhuaigh ceann eile sa Cheimic i 1911), ar Maria Goeppert Mayer i 1963 agus an bhliain seo caite ar Donna Strickland in 2018. B'fhéidir le cúnadh ón gciste a chuir Jocelyn Bell Burnell ar bun go mbeidh deis ag níos mó ban briseadh tríd an tsíleáil ghloine sin.



Jocelyn Bell Burnell in 2009

AN TRUCAILÍN DONN

Seán Ó hAodha

Bhí cás cúirte cáiliúil in Éirinn fadó maidir leis an ainm thuas, ‘sé sin i mBéarla ‘[The Little Brown Cart](#)’. Seo mar a tharla.



Bhí fear darb ainm Niall Mac Giolla Bhríde (1861-1942) ina chónaí sa bhaile, Fiodh Mór ([logainm.ie](#), Faiche Mhór), An Craoslach, Dún na nGall. Feirmeoir, file is údar ab ea é. Caith sé beagnach a shaol go léir sa sráidbhaile Cnoc a’Tighe ag bun na Mucaise. Shaothraigh sé a bheatha mar fheirmeoir agus mar fhile. Sa bhliain 1905 d’fhoilsigh sé leabhar filíochta darb ainm ‘*Blátha Fraoich*’ (Heather Blossoms). Bhí a chnuasach dánta is amhrán iomráiteach ar fud na tíre. Ar thráthnóna Márta 11, 1905 bhí sé ag filleadh ar ais ó mhargadh Dhún Fionnachaidh nuair a chas sé ar phóilín a chuir stad air. An chúis? Bhí an comhartha ar thaobh a thrucailín scríofa i nGaeilge!! Ag an am sin bhí Éire faoi rialtas Impireacht na Breataine agus de réir an dlí ba cheart a chomhartha thrucailín bheith scríofa i mBéarla. An t-ainm a bhí ar an thrucailín ná ‘**N. Mac Giolla Bhríghde, Fiodh Mór**’. (féach ar an gcomhartha féin sa seanchló). Dar leis an dlí bhí sin doléite

(illegible). Ghearr an póilín fineáil aon scilling ar Niall. Dhiúltaigh Niall an fhíneáil a íoc. Chosain sé é féin sa Chúirt Ghearr (Petty Sessions), Dún Fionnachaidh. Chaill sé an cás agus ghearradh



an comhartha ó thrucailín Niall




fineáil aon scilling sa bhreis air. Chuala Conradh na Gaeilge faoin gcás. D’aontaigh siad le Niall go mba cheart go mbeadh sé in ann a ainm a chur ina theanga féin ar a thrucailín. Bheartaigh siad cabhrú leis chun a chearta teanga a dheimhniú. Ball den Chonradh ab ea Pádraig Mac Piarais a bhí cáilithe mar abhcóide. D’aontaigh seisean Niall a chosaint saor in aisce sa Chúirt. agus sin é an t-aon uair amháin a d’oibrigh sé sa chúirt.

Tugadh an cás go dtí Binse an Rí (King’s Bench), Baile Átha Cliath. Smaoinigh ar an radharc sa Chúirt. An breitheamh in ionadaíocht chumhacht Impireacht na Breataine, Béarla amháin aige; Niall an Gaeilgeoir bródúil ag dearbhú a chearta teanga; Mac Piarais, dátheangach, ag aistriú eatarthu. An rud tábhachtach faoi cheist ná cearta duine a theanga féin a úsáid ina thír féin. Ag an deireadh ‘sé toradh na

n-imeachtaí nach raibh an bua ag Niall. Toisc a thaithí le rialtas na Breataine rinne Mac Piarais cinneadh tosú mar ghníomhaí polaitíochta. Scríobh sé mar gheall ar an gcás san iris *Claidheamh Soluis* ar 27 Meitheamh 1905 ‘*Chinneadh go bhfuil Gaeilge ar an leibhéal céanna le Giúdais*’.

Meon an rialtais ba chúis gur thosaigh Mac Piarais daoine a ghríosú chun an Ghaeilge a athbheochan agus a labhairt. Tá athbheochan déanta ag na hIosraelaigh ar an Eabhrais (ní Giúdais) le fada. An féidir linn féin foghlaim ón bhfeachtas sin?




MO CHÉAD COUP D'ÉTAT

Mari Enright

Ar an 4 Meitheamh, 1979, daichead bliain ó shin, bhí *coup d'état* faoi cheannas Leifteanant Eitilte Jerry Rawlings i nGána san Afraic Thiar. Ba é sin an chéad *coup* domsa – saol neamhurchóideach a bhí caite agam i gCo. Chill Chainnigh. Bhí m'fhear céile, mé féin agus ár mbeirt pháistí óga ar tí filleadh go hÉirinn tar éis bliain a chaitheamh i nGána, iar-choilíneacht na Breataine ar a dtugtaí an **Gold Coast**. Is tír í le hoidhreacht shaibhir agus tá muintir Ghána fáilteach, cairdiúil, meidhreach agus bródúil as a gcultúr.



Coicís roimh an “Coup 4 Meitheamh”, bhí *coup* nár éirigh leis. An mhaidin sin, bhíomar ar ár mbealach chun na scoile ar a seacht a chlog, turas trí mhíle a thóg uair an chloig! Bhí an trácht ina chior thuathail amach is amach, na carranna go léir ag iarraidh iompú thart, daoine ag screadach, “*Get back, get back, there's war in Burma Camp*”, na mná margaidh ag scaipeadh i ngach treo, na báisíní d'earraí fós ar a gceann. A luaithe a shroicheadar baile, dhúnamar na geataí agus d'fhanamar istigh. Cúpla uair níos déanaí, tháinig scéala ar an Bush Teileagraf go raibh ord ar bun arís!



Sa tréimhse ina dhiaidh sin, bhíomar gnóthach ag ullmhú le filleadh abhaile ar an 6 Meitheamh, ag pacáil earraí tí agus ag bualadh le cairde. Idir an dá linn, gabhadh lucht an *coup*, an ceannaire, Jerry Rawlings san áireamh. Ní raibh i ndán dóibh ach an bás. Ach, dála na gcealgairí, bhí an pobal bréan den chaimiléireacht i measc na n-oifigeach polaitíochta agus lucht gnó. Bhí bá ag na daoine le Jerry Rawlings, leath-Albanach, duine paiseanta, tarraingteach, misniúil, radacach – (faraor, mar a nochtadh de réir a chéile, fear a bhí corrach, fuilteach, tíoránta, gan trócaire). Ag an am sin, bhí na hoifigigh shóisearacha (agus fiú na mic léinn) faoi dhraíocht aige – rud a n-athródh saol na tíre sula i bhfad.

Ar ár nDomhnach deireanach, bhí tráthnóna aoibhinn againn ag beárbaiciú i dteach ár gcairde. Ar ár n-aistear abhaile ar 1.30 ar maidin, ní raibh duine ná deoraí ar an mbóthar. Chuamar thar áras an Ghinearáil Acheampong, Iar-Cheannaire Stáit. Ní raibh a fhios ag an bhfear bocht go gcuirfeadh é féin agus seachtar eile chun báis gan triail faoi cheann coicise mar thoradh ar na himeachtaí a bhí ar tí pléascadh le breacadh an lae. Go luath ar maidin, bhris an nuacht faoin *coup* nua. Shaor na hoifigigh Jerry Rawlings as an bpríosún chun bheith i gceannas arís. Maraíodh go leor daoine san éalú. Bhí teannas millteanach san aer. Bhí ar gach duine fanacht istigh, dúnadh gach uile rud, siopaí, scoileanna, comhlachtaí, an t-aerfort, na bóithre agus na meáin chumarsáide.

Bhí eitilt in áirithe againn don Chéadaoin – faoi cheann dhá lá. Ach an mbeadh an t-aerfort ar oscailt? Bhí ár n-earraí i gcófraí pacála san aerfort cheana féin ach bhí a fhios againn go raibh creachadh forleathan. Freisin, bhí feachtas géarleanúna ar siúl in aghaidh an phobail Liobánaigh a rialaigh cúrsaí eacnamaíochta na cathrach gan tairbhe ar bith ag dul do Ghána. An lá dár gcionn, rinne m'fhear céile agus an tiománaí iarracht ar dhul chuig an aerfort chun féachaint ar na cófraí pacála. Caoga méadar ón teach, stopadh iad agus dhírigh saighdiúir óg neirbhíseach a ghunna isteach sa charr. D'fhiafraigh sé, “*Cad as duit?*” “*Éire*”. “*An bhfuil sé sin gar don Liobáin?*” D'imíodar abhaile as sin!

Ansin, gan choinne, an chéad mhaidin eile, tháinig scéala go raibh an t-aerfort chun oscailt an lá sin. Ag an aerfort, bhí na mílte ag iarraidh teitheadh. Cé go raibh áirithintí againn cheana, bhí an-ímní orm go dtí go rabhamar sábháilte san aer. Ag Aerfort Heathrow, de bharr an choisc nuachta, bhí an BBC ag céimeanna an eitleáin ar thóir agallaimh leis an gcéad phaisinéir, m'fhear céile, chun scéala a fháil faoi chúrsaí san iar-choilíneacht. Is cinnte go ndúirt sé leo gur mhór an faoiseamh dúinne bheith slán sábháilte tar éis ár gcéad *coup d'état*.





AG BUALADH LE FOIREANN CHÁILIÚIL

Antóin Ó Mathúna

I mí na Samhna seo chaite agus mé ag siúl suas Sráid Uí Chonaill go dtí Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath, chonaic mé baicle fir, ochtar nó mar sin, ann ag breathnú ar an bhfoirgneamh. Bhí cuma lúfar orthu. Cé a bhí iontu a deir tú? Ba iad na ‘**All Blacks**’ an fhoireann cháiliúil rugbaí ón Nua-Shéalainn.



Ba dheis órga domsa é. Chuaigh mé suas chuig fear amháin agus dúirt mé leis, ‘*Fáilte go hÉirinn, cén chaoi a bhfuil tú*’. Bhí sé an-chairdiúil agus dúirt mé leis gur bhain mé an-taitneamh as bheith ag féachaint ar an bhfoireann agus iad ag imirt sa Staid Aviva agus áiteanna eile.



Bhí áthas an domhan orm agus shín mé amach mo lámh. Croith mé a lámh. Dúirt sé ‘*Tóg go bog é, tá greim an-láidir agat. Beidh orm an lámh sin a úsáid an tSathairn seo chugainn*’. Bhris an gáire orainn (**we burst out laughing**), agus tar éis cúpla nóiméad bheith ag caint, d’fhágamar slán ar a chéile.

Foireann iontach iad na ‘All Blacks’, ach bhí áthas an domhain orm gur bhuaigh Éire cluiche corraitheach ina gcoinne, 16-9, ar an

Satharn.

DUL CHUN CINNMEAS TÚ?

Ben Mac Lochlainn

Tá an saol athraithe go mór. Nuair a bhíos i mo stócach bhí sé éasca go leor an difríocht a aimsiú idir fir agus mná. Ach anois, níl sé chomh héasca sin. Feictear seanfhir, iad maol, ‘*baldy oul sights*’, amhail mise, agus gruaig fhada ina heireaball gearrchapail síos dá nguailí acu, agus bioráin ar a n-aghaidh agus fáinní cluaise ina gcluasa, gan trácht ar na tatúnna úafasacha, salacha, gránna ar a ngéaga. Níl bród dá laghad ag daoine a thuilleadh, as a gcuma. An dá fhocal seo ‘néata’ agus ‘slachtmhar’ – ní dóigh liom go dtuigtear cad is brí leo an lá atá inniu ann. Is mór an trua é. Ceist dosna fir – ar chuir tú snas ar do bhróga ar maidin?




LÉIRMHEAS AR THE POETS’ WIVES

Criostóna Ní Choisdealbha

Thaitin an leabhar seo le David Park go mór liom. Triptic (trí chuid) atá ann faoi thriúr mná pósta le triúr file iomráiteach. Tá Catherine Blake pósta le William Blake, an file, péintéir agus greanadóir agus tá sé ag iarraidh aitheantas a fháil i sochaí a cheapann go bhfuil sé ina fhear buile. Tá ceangal idir Catherine agus William fiú tar éis bhás William agus tugann sí tacaíocht dó i gcónaí. Sa dara scéal scríobhann Park faoi Nadezhda Mandelstam, bean chéile an fhile Rúisigh, Osip Mandelstam, a fuair bás i ré Stalin i rith an Scanraidh. Cháin Osip Stalin agus de bharr sin cuireadh i bpríosúin é agus tar éis tamaill fuair sé bás agus bhí Nadezhda trína chéile. D’fhoghlaim sí a dhánta de ghlanmheabhair agus níos déanaí foilsíodh iad. Is féidir linn an bhean chliste ghoilliúnach a fheiceáil tríd an scéal. Scríobh sí a cuimhní cinn cáiliúla níos déanaí ina saol. (‘*Hope Against Hope*’, ‘*Hope Abandoned*’.) Is faoi fhile bréige marbh, Don, agus a bhean chéile Lydia an tríú scéal. Bean shuimiúil ghoilliúnach í Lydia a d’fhulaing de bharr mhídhílseachtaí a fhir chéile.

Chaill sí a mac Rory agus é ina fhichidí agus tuigim ag deireadh an scéil go bhfuil a páistí níos tábhachtaí ina saol ná a fear céile. Sna trí ghearrscéal tugann Park léargas dúinn ar na filí agus ar na mná. Tá na scéalta liriceach agus an-chruthaitheach agus is carachtair shuimiúla iad na mná. Ba mhaith liom níos mó eolais a bheith agam anois faoi Catherine Blake agus Nadezhda Mandelstam, agus tá fonn orm filíocht William Blake agus Osip Mandelstam a aimsiú freisin tar éis an leabhar seo a léamh.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-39

TRASNA

SÍOS



1	skull (6)	2	partition (7)
5	measure (6)	3	adornment (4)
9	charioteer (3)	4	I turn (6)
11	cohabitation (7)	5	while (6)
12	militia (7)	6	slow (4)
13	putt (4)	7	translation (7)
14	sense (5)	8	move (6)
16	fine (4)	10	ventilation (6)
18	honey (3)	15	penance (6)
20	target (6)	17	path (5)
23	supporting (6)	19	thin (5)
25	November (7)	21	kiss (3)
26	at (2)	22	what (3)
27	boat (3)	23	tender (3)
28	eruption (6)	24	eat (3)
32	smooth (3)	26	aphid (5)
34	bug (4)	29	corridor (7)
35	spear (2)	30	insult (5)
36	about (2)	31	riot (6)
37	again (4)	32	small ox (6)
39	russet (3)	33	news (6)
41	draft (7)	38	hot tea (4)
42	hung (7)	40	rude (4)
43	ford (3)		
44	fork (7)		



CUARDACH FOCAL 39

feithiclí 1 / vehicles 1

M	A	D	N	A	T	R	O	T	H	A	I	R	O	L
E	O	T	H	G	L	U	A	I	S	C	O	T	A	R
D	A	T	B	A	B	C	A	T	R	B	A	D	R	A
N	R	A	H	U	Í	T	Ú	A	Ú	R	T	A	C	H
A	H	Ú	S	A	V	S	E	T	R	C	U	B	G	T
T	A	C	R	E	R	I	A	T	A	C	S	L	L	O
R	R	O	A	T	N	C	Ó	S	H	Ó	O	D	U	R
A	L	I	T	H	O	T	H	R	T	R	A	O	A	S
I	N	T	R	E	T	S	I	A	O	B	N	L	I	I
M	Ó	R	M	Í	R	O	V	Í	R	R	A	L	S	A
C	O	A	D	A	E	B	R	A	S	R	E	S	T	U
L	R	E	T	S	I	Ó	C	Í	I	O	V	C	E	L
T	S	I	Ó	C	N	Á	É	T	R	S	L	G	Á	G
S	Ú	N	I	A	V	A	D	A	L	T	E	R	N	M
C	O	I	S	T	E	R	Í	N	G	N	I	E	A	V

	bus (bus)	otharcharr (ambulance)
	carbad (chariot)	scútar (scooter)
	cóiste (coach)	tacsáí (taxi)
	craein (crane)	tandam (tandem)
	gluaisrothar (motorbike)	traein (train)
	gluaisteán (car)	tram (tram)
	leoraí (lorry)	trírothach (tricycle)
	ollscartaire (bulldozer)	veain (van)



FOCLÓIR

gaeilgeoireacht: **Irish**
 gá: **need**
 tinreamh: **attendance**
 spreagfaidh: **will encourage**
 meallann: **entices**
 raidhse: **abundance**
 camchuairt: **tour**

CROSFHOCAL BG XBG-38: RÉITEACH

	¹ D	² Ó	³ C	⁴ H	⁵ A	⁶ S		⁷ P	⁸ I	⁹ O	¹⁰ B	¹¹ A	¹² R		
⁸ S		R		A		⁹ C	¹⁰ Ú	L		C		S		¹¹ S	
¹¹ C	E	A	P	T	H	A		¹² Á	B	H	A	C	H	T	
	U		I		A		I		M		T		A		Ó
¹³ A	L	T	Ú		¹⁴ A	¹⁵ R	¹⁶ Á	¹⁷ N		¹⁸ R	¹⁹ I	²⁰ A	²¹ R		
	I		H		¹⁷ C		¹⁸ D	¹⁹ Í	S		²⁰ C		L		A
²⁰ S	²¹ C	E	I	L	²² G		O		²³ C	²⁴ Ó	²⁵ I	²⁶ L	²⁷ I	²⁸ S	
		U			²⁵ A	²⁶ R	²⁷ M	²⁸ L	²⁹ A	³⁰ N	³¹ N		A		
²⁶ S	²⁷ Í	²⁸ M	²⁹ H	³⁰ N	³¹ Á		T		³² Ó	³³ R	³⁴ Á	³⁵ I	³⁶ D	³⁷ Í	
	L		A		N		³¹ G	³² A	³³ S		A		M		O
³³ I	A	L	L		³⁴ U	³⁵ R	³⁶ S	³⁷ A	³⁸ L		³⁹ B	⁴⁰ E	⁴¹ A	⁴² G	
	A		A		³⁶ A		Ú		C		³⁷ A		A		Á
³⁸ B	A	R	A	I	N	N		³⁹ R	A	B	H	C	Á	N	
	H		T		L		⁴⁰ T	⁴¹ R	⁴² Á		A		H		
	⁴¹ L	⁴² Ú	B	T	H	A		⁴³ S	⁴⁴ Á	⁴⁵ R	⁴⁶ S	⁴⁷ T	⁴⁸ O	⁴⁹ C	

CUARDACH FOCAL 38: RÉITEACH

C	A	F	R	Í	N	D	A	É	R	I	A	B	A	B
B	A	R	R	Í	D	N	V	A	Ú	C	A	T	I	H
C	A	I	P	Í	A	E	A	N	S	D	Ú	B	A	B
T	R	I	B	Í	E	C	S	I	Ú	B	A	B	T	H
E	A	B	A	A	S	B	Í	N	S	C	V	Ú	B	Í
C	N	A	R	R	B	I	S	F	V	T	Á	H	A	D
B	A	I	R	E	I	H	M	Á	E	C	L	I	L	A
É	B	R	I	B	H	A	L	F	E	D	C	D	A	R
I	R	R	N	V	C	A	B	A	Ú	F	A	S	C	Ó
R	É	Í	F	A	M	L	F	N	É	Ó	L	E	Á	D
É	T	N	A	A	L	Í	S	D	A	R	A	A	V	A
B	A	E	C	I	N	F	Ó	R	D	B	B	B	A	E
R	I	É	L	Ó	B	R	B	E	I	R	R	É	M	F
U	S	E	R	C	A	I	F	I	R	Í	N	U	A	Í
T	R	I	L	B	A	Í	A	B	L	O	I	R	T	N

SEANFHOCAL

Imíonn na daoine ach fanann na cnoic

Draíocht na Samhlaíochta

I gciúnas na hoíche
Cloisim iad ar siúl
I gcúinne an tseomra
Iad ag cogarnaigh
de shíor.

Ceapaim
Go ndeirtear rudaí
rudaí uafásacha fúm
nithe éagsúla
ionas nach ionann
Guth i ndiaidh gutha
Ag sgaoileadh astu
Nithe iomlán deifriúil.

"*Naomh atá ann*"
deir guth amháin
" *Peacach é cinnte*
atá lán de milleán
Duine éirimiúil, gan dabht,
Ach nach amadán é
Ar ball, go h-iomlán!"

Caithfidh go bhfuil fhios agam
I mo chroí istigh
Nach bhfuil iontu i ndáiríre
i ndeire na dála
ach guthanna:
Guthanna seafóideacha dar ndóigh.

Draíocht na Samhlaíochta
Is oth liom a rádha
Ag cur isteach orm
Go tubaisteach mór!
An bhfuil fírinne iontu
Ar bith
Nó, ag baint leo ar fad?
Ceist, a chuirim de shíor orm féin
Ainneoin go bhfuil siad láidir go leor
Iad riamh is i gconaí
Ag dul i bhfeidhm orm go tréan.
Ach, chomh fhada is mé annso
Is mé i mo luí;
Goileann siad orm
Go smior is go géar.
Mar, leanann na guthanna
mise, faraor,
Gan staonadh gan stop
I gcónaí de shíor.

Tomás Breatnach

Ag caint.....

Chonaic mé an iomarca
Is féidir liom labhairt faoi go leor
Sí an fhadhb is deacra, ámh,
Teastaíonn uaim treoir.

Cé hé an duine a bhfuil suim aige i seo
Nó an bhean a bhfuil suim aici i sin
Má labhraíonn tú faoin rud mícheart
Tá tú i sáinn ansin.

Má tá chuile dhuine timpeall ort
Ag smaoineamh i slí amháin
A chara, ansin tá tú cinnte
I dtrioblóid agus i sáinn.

Mura leanann tú an bóthar céanna
Nó déanann dearmad glan faoi
Ba chóir duit labhairt le duine eile
Nó beidh deacracht agat, a chroí.

Má tá suim agat i chuile teanga
Chuile ábhar polaitiúil, chuile tír
Bí cúramach cad a deir tú
Fiú má cheapann tusa gurb é rud fíor.

Nuair a sleamhnaíonn na blianta thairis
Is tú tar éis labhairt rófhada
Bí cúramach go bhféachann tú thart
Nó ní fhoghlaimíonn éinne tada!

Rita Ní Ghóilín 03/2019

Londain sa Teas Mór

Trí lá i Londain
Is mé go tuirseach cráite,
Marbh le teas na gréine
Is nósanna mhuintir na háite

Bhí an áit lán go barr na cruinne,
Muid go míchompórdach iontach gránna,
Tumtha i mbuidéal folamh gloine
I bhfad ó aer glan na dtránna.

Bhí an Domhan mór is a mháthair
Ar na sráideanna ag siúl,
Ag teacht is ag imeacht ar feadh an lae
Sa Chathair shean stairiúil.

Pádraig Ó Muircheartaigh